

Dáta	Leibhéal ranga Rang a Trí agus Rang a Ceathair	Ábhar Na hAmharcealaíona
Snáithe Fabraic agus Snáithín	Snáithaonad Cruthú i bhFabraic agus i Snáithín, Breathnú agus Freagairt.	
Teideal Colláis Fabraice agus Snáithín – Domhan Fomhuirí an Aigéin		
Cuspóir(i) Is é aidhm an phlean ceachta ná go gcuirfear ar chumas na leanaí buanna fabraice agus snáithín mar mheáin le haghaidh léiriú samhlaíoch a iniúchadh agus a fhionnachtain, agus iad ag dearadh agus ag déanamh colláise atá bunaithe ar an téama “Domhan Fomhuirí an Aigéin”. Freagróidh siad do na tithe solais a cruthaíodh sa rang trína bheith ag labhairt faoina s(h)aothar féin agus faoi shaothar na leanaí eile.		

Cuspóir(i) foghlama

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an linbh:

Raon cineálacha éagsúla fabraice agus snáithín a iniúchadh agus a úsáid chun an cholláis “Domhan Fomhuirí an Aigéin” a chruthú.

Cur síos a dhéanamh ar an saothar agus freagairt do shaothar na leanaí eile.

Gníomhaíochtaí foghlama

Labhairt agus Plé:

Déan plé ar íomhánna de dhomhan fomhuirí an aigéin, den chladach nó de locháin charraige, agus ar an iliomad créatúr a chónaíonn sna gnáthóga sin. Féach ar éagsúlacht fabraicí agus snáithíní, láimhsigh iad agus labhair fúthu chun taithí a fháil ar cháilíochtaí tadhaill, amhairc agus spásúla. Aithin nithe atá mín, garbh, ainmhín, righin, te, fuar, fite go mín nó go tiubh, uigeach, daite agus patrúnaithe.

Obair i mBeirteanna/Grúpobair:

Agus iad ag obair go comhoibríoch, déanfaidh siad colláis fabraice agus snáithín atá bunaithe ar an téama roghnaithe a phleanáil, a dhearadh, a chur i sraitheanna agus a chruthú.

Cur Chuige Teagmhálach:

Obair shnáthaide, gliúáil, cumhdach, fillleadh.

Breathnú agus Freagairt:

Breathnú ar a s(h)aothar féin agus ar shaothar leanaí eile agus labhairt fúthu. Déanfar tagairt ar leith do thréithe na n-ábhar agus na n-uirlisí a roghnaíodh agus do na hábhair ar thaitin siad leis/léi agus é/í ag obair.

Acmhainní:

Rogha fabraicí agus snáithín – bog, garbh, ainmhín, righin, te, fuar, fite go mín nó go tiubh, uigeach, daite agus patrúnaithe.

Gliú

	<p>Snáthaidí fuála</p> <p>Snáth, olann, súile preabacha agus cnaipí</p>
<p>Difreáil</p> <p>Ceisteanna ardoird agus ísealoird. Gníomhaíochtaí grúpa agus róil ghrúpa a dhifreáil le go gcuirtear riachtanais aonair san áireamh, trí thacaíocht agus trí thascanna a thabhairt. Obair i mbeirteanna idir daltaí cumais mheasctha.</p>	
<p>Measúnú</p> <p>Breathnú agus ceistiú ag an múinteoir.</p>	
<p>Nascadh agus Comhtháthú</p> <p>Béarla: Scríbhneoireacht Ghnásúil: Iarr ar na daltaí na bearta a rinne siad chun an domhan fomhuirí a chruthú a scríobh síos.</p> <p>Gaeilge: Labhairt, Feidhm Teanga: Is maith liom/ ní maith liom. Is maith liom an t-iasc/ Ní maith liom na clocha.</p> <p>Na hAmharcealaíona: Iarr ar na daltaí taighde a dhéanamh ar íomhánna eile faoin gceannteideal “Domhan fomhuirí na mara”. Déan plé ar cad é an dath is suntasaí sna pictiúir.</p>	